Sonraítear sa Ráiteas Straitéise ár bhFís, Misean, Luachanna agus Cuspóirí le haghaidh na dtrí bliana amach romhainn, agus tá tacar cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha atá deartha chun cabhrú linn ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ag tacú leis. Beidh tacar straitéisí náisiúnta, atá á stiúradh againn nó a bhfuilimid ag cur leo, mar bhonn lenár misean a chomhlíonadh.

Míneoimid soláthar na Straitéise ar bhealach tréadhearcach trí Thuarascáil Bhliantúil na Roinne. Oibreoidim i gcomhpháirt leis an Rialtas trí chéile agus le raon leathan páirtithe leasmhara lena chinntíú go mbeidh cur chuige comhordaithe againn i ndáil le beartas agus soláthar seirbhísí. Nuair a bheidh sé seo á dhéanamh againn, oibreoidim i ndlúthchomhar le gach eagraíocht, idir reachtúil, phríobháideach nó dheonach. Cabhróidh sé seo linn beartais a chur chun feidhme atá éifeachtach agus bunaithe ar fhianaise.



Tuigimid go rímhaith go bhfuil tionchar ag staid an gheilleagair trí chéile ar an gcumas ár sainordú a chur i gcrích. Táimid tiomanta do bheartas an Rialtais a chur chun feidhme ar bhealaí samhláiocha, nuálacha bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil. Táimid airdeallach chomh maith ar thionchar phaindéim COVID-19 agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an bpaindéim. Á chur seo san áireamh, tá sé beartaithe ag an Roinn seo a chinntí nach gcuirtear isteach ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme an bheartais i rith na leibhéal difriúil srianta sainaitheanta i bpleananna an Rialtais chun déileáil le COVID-19.

Táim ag súil le bheith ag obair leis an Aire agus le foireann uile na Roinne, agus le foirne lasmuigh den Roinn, chun an méid atá sonraithe sa Ráiteas Straitéise seo a chomhlíonadh. Táim muiníneach trínár gcuid oibre agus tiomantais go mbeimid in ann feabhsuithe dáiríre a dhéanamh, as seo go ceann trí bliana, i ndáil le saol leanaí, daoine óga, ball grúpaí ilgħnéitheacha inár bpobal agus baill leoħaileacha dár sochaí.

A handwritten signature in black ink, appearing to read "Fergal Lynch". It is written in a cursive style and is underlined.

**Fergal Lynch**  
Ard-Rúnaí

## Ár bhFís

Sochaí chothrom, chomhionann agus uilechuimsitheach, ina bhfuil cearta á n-urramú, agus inar féidir le gach duine barr a chumais a bhaint amach.

## Ár Misean

Saoi leanaí, daoine óga, aosach, teaghach agus pobal a fheabhsú, ilghnéitheacht a aithint agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

## Ár Luachanna

- Tá daoine, idir leanaí agus aosaigh, ag croílár ár gcuid oibre.
- Éistimid le leanaí, daoine óga agus aosaigh, agus tugaimid ceart éisteachta dóibh i ndáil le cinntí a bhfuil tionchar acu ar a saol.
- Oibrímid chun na daoine is leochailí agus chun na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste a chosaint, agus chun tacú lena riachtanais.
- Tuigimid an ról agus an tábhacht a bhaineann le gach teaghach inár sochaí.
- Tá prionsabail an chomhionannais agus na hurraime do chearta an duine á gcomhtháthú inár gcuid oibre.
- Tá meas againn ar chearta gach duine a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus tá aitheantas á thabhairt againn do ról an Stáit i dtacú le lánpháirtíocht dhearfach.
- Tá meas againn ar ár bhfoireann agus táimid ag tacú lenár bhfoireann agus táimid lánsásta smaointe nua agus bealaí nua oibre a chur san áireamh chun ár bhfís agus ár misean a chur i gcrích.
- Caithimid le teann measa lena chéile agus lenár bpáirtithe leasmhara ar fad.
- Bímid macánta agus neamhchlaonta i gcónaí agus táimid cuntasach as ár ngníomhartha ar fad.

Is é **an Misean** atá againn ná an saol atá á chaitheamh ag leanaí, daoine óga, aosaigh, teaghlaigh agus ag an bpobal a fheabhsú, aitheantas a thabhairt don éagsúlacht, agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn sna réimsí éagsúla.

## Ár gCuspóirí

1. Beidh beartais agus reachtaíocht atá bunaithe ar fhianaise á bhforbairt, á gcur chun feidhme agus á múnlú againn a mbeidh torthaí feabhsaithe dóibh siúd a bhfuilimid ag freastal orthu dá mbarr.
2. Cinnteoimid go mbeidh raon seirbhísí ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe, a bhfuil infheistíocht straitéiseach ag tacú leo, á soláthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair, teaghlaach agus pobal.
3. Cabhróimid le daoine atá leochaileach, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus daoine aonair atá i mbaol, dúshláin a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach.
4. Tacóimid le forbairt sochaí atá forásach, measúil agus cothrom, a chuireann eispéiris na nglúnta atá imithe romhainn san áireamh agus a dhéanann iarracht freagairt do riachtanais marthanóirí.
5. Oibreoidim i Ranna Rialtais, Comhlachtaí Poiblí agus sa tSochaí Shíbhialta agus i gcomhpháirt le daoine aonair, teaghlaigh, agus pobail chun torthaí níos fFearr a bhaint amach.
6. Tacóimid le hardchaighdeáin feidhmíochta agus rialachais chorparáidigh i dteannta le foireann atá rannpháirteach, spreagtha agus a bhfuiltear ag tacú léi.

# Ár gCuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha

Is roinn nuabhuaithe í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus tá glactha aici le freagrachtaí suntasacha breise. Le cois na bhfeidhmeanna tábhachtacha atá á gcomhlíonadh againn cheana féin sna réimsí seo a leanas - cosaint agus leas leanaí, cosc agus luath-idirghabháil, uchtú, tacaíochtaí teaghlaigh, luathfhoghlaím agus cúram leanaí, seirbhísí don aos óg agus ceartas don aos óg, agus eispéiris na nglúnta atá imithe romhainn, táimid anois freagrach as na mór-réimsí seo a leanas freisin - comhionannas, lánpháirtíocht, cosaint idirnáisiúnta agus beartas míchumais. Cuirfear tuilleadh réimsí san áireamh in 2021 tráth a nglacfaimid le freagracht as seirbhísí míchumais ón Roinn Sláinte.

Is ionann ár bhfeidhmeanna leathnaithe agus deis iontach fáis agus forbartha. Tá dlúthnaisc idir ár sainchúram bunaidh agus ár réimsí freagrachta nua, go háirithe i ndáil le ceisteanna comhionannais, tacú le cearta agus le mianta cuid dárngrúpaí is leochailí sa tsochaí, agus díriú ar luath-idirghabháil agus ar thacaíocht réamhghníomhach. Chomh maith leis sin, táimid ag iarraidh a bheith forásach chun freastal ar riachtanais grúpaí sonracha agus ag an am céanna buntáistí a chruthú don tsochaí trí chéile.

Á gcur seo san áireamh, tá tacar dúshlánach cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha bunaithe againn atá le cur i gcrích as seo go ceann trí bliana. Athbhreithneoidim agus nuashonróimid na gníomhartha sonracha sa Ráiteas Straitéise i rith 2021 nuair a ghlacfaimid freagracht as seirbhísí míchumais, ach beidh na cuspóirí atá sonraithe againn dúinn féin ábhartha roimh agus i ndiaidh an aistrithe seo. Beidh tacar príomhchumasóirí straitéiseacha ag tacú le cur i gcrích na ngníomhartha straitéiseacha, nach mór iad a bhunú chun tacú le cuspóirí na Roinne a chomhlíonadh.

Bhaineamar an-tairbhe as an [118 aighneacht i scribhinn](#) a fuaireamar ó Ranna Rialtais, páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta, gníomhaireachtaí eile agus baill den phobal. Bhí na haighneachtaí dírithe ar na téamaí seo a leanas - leanaí, luathfhoghlaím agus cúram leanaí, seirbhísí don aos óg, soláthar díreach agus imeascadh imirceach, comhionannas inscne, an Lucht Siúil agus an pobal Romach, míchumas agus LADTI+. Chabhraigh na tuairimí a roinneadh linn lenár gcuspóirí agus gníomhartha a fhorbairt sa Straitéis trí chéile.

Ciallaíonn ár bpríomhchuspóirí, liostaithe thuas, go bhfuilimid tiomanta do na nithe seo a leanas:

- Beartais agus reachtaíocht atá bunaithe ar fhianaise a forbairt agus a chur chun feidhme; a chinntíú go bhfuil infheistíocht straitéiseach ag tacú le soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán; cabhrú leis na daoine is leochailí sa tsochaí barr a gcumais a bhaint amach.
- Tacú le forbairt sochaí atá cothrom, bunaithe ar eispéiris na nglúnta atá imithe romhainn agus iarracht a dhéanamh freagairt do riachtanais marthanóirí.
- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí agus an tsochaí shibhialta chun torthaí níos fárr a bhaint amach.
- Ardchaighdeáin feidhmíochta agus rialachais chorparáidigh a chinntíú laistigh dár Roinn féin.

Déantar cur síos sna gníomhartha straitéiseacha ar conas a chomhlíonfar na cuspóirí seo as seo go ceann trí bliana. Tá táscairí feidhmíochta sonracha ag tacú leis na gníomhartha seo ina bhfuil mionsonraí maidir le conas a bheidh cur i gcrích gach gníomh á thomhas. Beidh breis mionsonraí i bPlean Gnó bhliantúil na Roinne ag tacú le gach ceann de na gníomhartha, a bheidh á ullmhú ag na Rannáin agus Aonaid aonair, agus a dhéanfar a athbhreithniú i rith na bliana, roimh chur chun feidhme.

Beidh dúshláin shuntasacha le sárú as seo go ceann trí bliana ach beidh deiseanna luachmhara ann don Roinn freisin de réir mar a bheidh á bhffis á comhlíonadh againn, is é sin sochaí chothrom, chomhionann agus uilechuimsitheach a chruthú, ina bhfuil cearta á n-urramú, agus inar féidir le gach duine barr a chumais a bhaint amach, mar aon lenár misean saol gach duine a fheabhsú agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Nuair a bheidh an Straitéis seo á cur chun feidhme, beidh an Roinn dírithe ar thiomantais ár dtéarmaí tagartha a chomhlíonadh atá le fáil in "[Clár an Rialtais – Ár dTodhchaí le Chéile](#)" agus freagrachtaí a chomhlíonadh atá i bhfeidhm i Ranna éagsúla go ginearálta, lena n-áirítear an méid atá sonraithe sa Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeraide, mar shampla.

# Cuspóir Straitéiseach 1

Beidh beartais agus  
reachtaíocht atá bunaithe ar  
fhianaise á bhforbairt, á gcur  
chun feidhme agus á múnlú  
againn a mbeidh torthaí  
feabhsaithe dóibh siúd a  
bhfuilimid ag freastal orthu  
dá mbarr.

# Cuspóir Straitéiseach 1

Beidh beartais agus reachtaíocht atá bunaithe ar fhianaise á bhforbairt, á gcur chun feidhme agus á múnlú againn a mbeidh torthaí feabhsaithe dóibh siúd a bhfuilimid ag freastal orthu dá mbarr.

Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<b>1.1</b> Cинnteoimid go mbeidh clár cuimsitheach reachtaíocha ag tacú le soláthar na Straitéise agus go mbeidh sé ag teacht le Clár an Rialtais.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh tograí reachtacha á bhforbairt agus á gcur chun cinn tríd an Rialtas agus tríd an Oireachtas. Tá an sceideal reachtaíocha le fail in Aguisín 1.</li> </ul>
<b>1.2</b> Cuirfimid leis an rath a bhí ar <i>Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile</i> , agus lena infreastruchtúr feidhmithe, trí straitéis chomharba a fhorbairt atá comhtháite, dírithe ar ghníomh agus ar an tsochaí trí cheile ó thaobh ionchuir agus feidhmiúcháin de.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Forbróimid, seolfaimid agus cuirfimid chun feidhme straitéis a thiocfaidh i gcomharba ar <i>Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile</i>.</li> <li>Leanfaimid le tuilleadh forbartha agus mionleasaithe ar an gcomhoibriú trasrialtais, earnála agus idirghníomhaireachta.</li> </ul>
<b>1.3</b> Leanfaimid orainn le forbairt agus le cur chun feidhme beartais ar ardchaighdeán, fianaisebhunaithe chun rochtain ar Fhoghlaím agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile ar ardchaighdeán agus inacmhainne a fheabhsú agus torthaí níos fearr a chinntíú do leanaí, teaghlaigh, an geilleagar agus an tsochaí.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean feidhmithe trí bliana <i>Na Chéad 5</i> a chur chun feidhme le béim ar na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>Togra a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le samhail mhaoinithe nua do sheirbhísí luathfhoghlaíma agus cúraim leanaí. Ansin forbrófar plean feidhmithe thacúil agus déanfar é a bhrú chun cinn.</li> <li>Plean Forbartha don Lucht Saothair a fhorbairt don earnáil agus é a chur chun feidhme.</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail oibriúcháin náisiúnta lena n-áirítear breithniú ar bhunú Chúram Leanaí Éireann.</li> <li>An Plean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí a chur chun feidhme.</li> <li>Tuilleadh rialaithe ar chúram leanaí ar aois scoile.</li> <li>Athbhreithniú 12 mhí ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.</li> </ul> </li> </ul>

<p><b>1.4</b> Forbróimid beartas don aos óg atá ar ardchaighdeán agus fianaisebhunaithe trí Struchtúr Náisiúnta Rannpháirtíochta nua leis an Earnáil don Aos Óg a bhunú agus Straiteís don Aos Óg athnuaithe a chur i dtoll a chéile.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bunófar an Struchtúr Náisiúnta Rannpháirtíochta leis an Earnáil don Aos Óg.</li> <li>• Glacfar leis an straitéis athnuaithe don aos óg agus cuirfear tús leis an gcur chun feidhme.</li> <li>• Tá an cur chuige náisiúnta maidir le hEolas don Aos Óg forbartha agus curtha chun feidhme.</li> </ul>
<p><b>1.5</b> Beidh ról ceannaireachta againn i ndáil le forbairt an bheartais tacaíochta teaghlaigh agus tuismitheoirreachta. Áireofar anseo treoir beartais shoiléir le haghaidh, agus maoirseacht ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus tuismitheoirreachta a bheidh á soláthar agus á gcoimisiúnú ag Tusla agus ag seirbhísí ábhartha eile.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá samhlacha náisiúnta comhaontaithe bunaithe agus tá tús curtha leis an gcur chun feidhme.</li> <li>• Tá méadracht fheabhsaithe ar fáil maidir le hionchuir, aschuir agus torthaí.</li> <li>• Tá comhordú feabhsaithe seirbhísí tacaíochta le haghaidh teaghlaigh agus tuismitheoirí ailínithe le struchtúir agus le tacaíochtaí gaolmhara le haghaidh leanaí agus daoine óga.</li> </ul>
<p><b>1.6</b> Déanfaimid foráil le haghaidh athchóiriú sheirbhís an Chaomhnóra <i>ad item</i> in imeachtaí cúram leanaí trí fhoilsiú agus achtú Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) nua, ullmhúcháin do thosach feidhme an Acharta agus bunú seirbhís nua náisiúnta Caomhnóra <i>ad item</i>.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Leasuithe curtha i bhfeidhm ar Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2019.</li> <li>• Bille um Chúram Leanaí (Leasú) nua ullmhaithe, foilsithe agus achtaithe.</li> <li>• Rialacháin faoin Acharta nua dréachtaithe agus sínithe.</li> <li>• Tosach feidhme an Acharta agus seirbhís náisiúnta Caomhnóra <i>ad item</i> bunaithe.</li> </ul>

<p><b>1.7</b> Forbróimid agus cuirfimid chun feidhme tograí mionsonraithe le haghaidh nua-chóiriú reachtach, beartais agus oibríochtúil Acht um Chúram Leanaí 1991 lena chinntiú go seastar le leasa is fearr an linbh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Athbhreithniú ar Acht um Chúram Leanaí 1991 curtha i gcrích.</li> <li>• Reachtaíocht ullmhaithe de réir an chuir chuige chomhaontaithe.</li> <li>• Foilsíú agus achtú na reachtaíochta leasaithí riachtanaí.</li> <li>• Cur chun feidhme na leasuithe riachtanacha comhthreomhara oibríochtúla agus beartais.</li> <li>• Soiléire agus comhaontú méadaithe maidir le struchtúir le haghaidh comhoibriú idirghníomhaireachta.</li> </ul>
<p><b>1.8</b> Déanfaimid maoirseacht ar chreat uchtaithe éifeachtach, agus beidh leasa is fearr an linbh ag croílár an chreata, agus tacóimid le hathchóiriú beartais agus reachtach i réimse na seirbhísí uchtaithe, agus tabharfaimid tús áite do rochtain ar fhaisnéis bhreithe a fhorbairt.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Reachtaíocht a bhaineann le Faisnéis Bhreithe agus Luathshaoil agus Rianaithe achtaithe.</li> <li>• Athbhreithniú ar na hAchtanna Uchtála curtha i gcrích.</li> <li>• Rannpháirtíocht leanúnach le seirbhísí uchtála Údarás Uchtála na hÉireann agus Tusla, lena n-áirítear rannpháirtíocht maidir le hathchóiriú na gcóras faisnéise agus rianaithe.</li> </ul>
<p><b>1.9</b> Déanfaimid pleananna le haghaidh agus soláthróimid samhail seachadta nua le haghaidh “Ag Fás Aníos in Éirinn, an staidéar fadaimseartha náisiúnta ar leanaí agus ar dhaoine óga”.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfaimid maoirseacht ar sholáthar chonradh Ag Fás Aníos in Éirinn idir 2020-2022.</li> <li>• Déanfaimid pleananna le haghaidh agus aistreoidimid Ag Fás Aníos in Éirinn chuig an Roinn agus An Phríomh-Oifig Staidrimh ó Eanáir 2023.</li> </ul>

<p><b>1.10</b> Forbróimid agus cuirfimid chun feidhme beartais a bhainneann le comhionannas inscne agus ceisteanna comhionannais go ginearálta, a dhéileálann le gannionadaíocht na mban i róil cheannaireachta agus chinnteoireachta agus riachtanais teaghlaigh i bhfostaíocht. Déanfaimid é seo trí shaoire teaghlaigh agus trí thionscnamh eile a sholáthar.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Trasuíomh na Treorach maidir le Cothromáiocht Oibre is Saoil (AE) 2019/1158.</li> <li>• Reachtáiocht maidir le saoire teaghlaigh achtaithe.</li> <li>• Beartas straitéiseach forbartha chun teacht i gcomharba ar An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní, 2017-2020.</li> <li>• An Bille um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní (Faisnéis) achtaithe agus bailchríoch curtha ar na rialacháin ghaolmhara.</li> </ul>
<p><b>1.11</b> Forbróimid agus cuirfimid chun feidhme beartais a éascaíonn lánpháirtíú pobal imircigh, tacóimid le hionchuimsíú agus le rannpháirtíocht an Lucht Siúil, an phobail Romaigh agus daoine faoi mhíchumas, agus déileálfaimid le ciníochas.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beartas straitéiseach forbartha chun teacht i gcomharba ar <i>Straitéis Náisiúnta um Chuimsíú um Lucht Siúil agus na Romach, 2017-2021</i>.</li> <li>• Reachtáiocht míchumais a bhfuil sé mar aidhm léi an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas atá achtaithe a chomhlónadh.</li> <li>• Achtú an Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha) agus an Bhille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú).</li> <li>• Tá an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta oibríochtúil chun tosach feidhme Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a éascú.</li> <li>• Beartas straitéiseach forbartha chun teacht i gcomharba ar <i>An Straitéis Náisiúnta um Chuimsíú Daoine faoi Mhíchumas, 2017-2021</i>.</li> <li>• An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais forbartha agus curtha chun feidhme.</li> <li>• Beartas straitéiseach forbartha chun teacht i gcomharba ar <i>An Straitéis um Imeascadh Imirceach, 2017-2020</i>.</li> </ul>

**1.12** Trí bheith ag obair in earnálacha éagsúla, beimid freagrach as cur chun feidhme Straitéis Náisiúnta Óige LADTI+ agus Straitéis Náisiúnta lonchuimsithe LADTI+ 2019-2021 na hÉireann lena chinntiú go bhfuil aosaigh agus daoine óga LADTI+ sofheicthe, go mbaineann luach lena bpobal agus go bhfuil siad á gcur san áireamh.

- Beartas straitéiseach forbartha chun teacht i gcomharba ar *An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+*.
- Cur chun feidhme beart sofheictheachta agus forbartha acmhainne lena n-áirítear Greamán Fáilte (*Welcome Sticker*) agus an feachtas Amuigh Os Ard.
- Tacú le Fóram na nDaoine Óga LADTI+ chun Rialachas Straitéise a fheabhsú.
- Foilsíú na dara tuarascála maidir le cur chun feidhme na Straitéise Óige Náisiúnta LADTI+.

# Cuspóir Straitéiseach 2

Cinnteoimid go mbeidh raon seirbhísí ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe, a bhfuil infheistíocht straitéiseach ag tacú leo, á soláthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair, teaghlach agus pobal.

## Cuspóir Straitéiseach 2

Cinnteoimid go mbeidh raon seirbhísí ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe, a bhfuil infheistíocht straitéiseach ag tacú leo, á soláthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair, teaghlaigh agus pobal.

Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>2.1</b> Cinnteoimid go mbeidh infheistíocht straitéiseach agus pleánail láidir airgeadais mar bhonn le soláthar ár dtosáiochtaí ar fad. Áireofar anseo béim láidir ar phleanáil foireann oibre agus é mar aidhm a chinntíú go bhfuil an acmhainn agus an cumas soláthair ag an gcóras soláthair chun freagairt don riachtanas sainitheanta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Uillmhófar pleannanna airgeadais mionsonraithe agus costálte, agus déanfar iad a bhrú chun cinn tríd an bpróiseas Meastachán Blantúil chun tacú le cur chun feidhme tosaíochtaí straitéiseacha.</li> <li>Forbrófar agus cuirfear chun feidhme pleannanna don fhoireann oibre seachtrach chun tacú le comhlacthaí faoi choimirce agus le hearnálacha a gcuid seirbhísí a sholáthar.</li> </ul>
<p><b>2.2</b> Forbróimid agus feabhsóimid soláthar seirbhísí don aos óg in Éirinn, lena n-áirítear trí athchóiriú clár maoinithe don aos óg agus treisiú na dtionscnamh ar ardchaighdeán don aos óg.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li><i>UBU D'Áit Do Spás</i> curtha chun feidhme ina iomláine ar bhonn feabhsí leanúnaigh.</li> <li>An Scéim Deontas do Sheirbhísí Óige athchóirithe.</li> <li>Meicníochtaí tacaíochta ar ardchaighdeán don aos óg treisithe.</li> <li>Infheistíocht leanúnach i gcur chun cinn súgartha agus áineasa mar cheart de chuid an linbh agus forbairt Lá Náisiúnta Súgartha i gcomhar le hÚdarás Áitiúla.</li> </ul>
<p><b>2.3</b> Soláthróimid raon scéimeanna agus tionscnamh lena chinntíú go mbeidh ar chumas leanaí agus teaghlaigh Fhoghlaím agus Chúram na Luath-Óige (ELC) atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne a rochtain. Cinnteoimid go mbeidh an úsáid is fearr agus is féidir á baint as infheistíocht Rialtais trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chlár láidir meastóireachta, agus feabhas leanúnach ar chaighdeán lena n-áirítear aiseolas ó úsáideoirí seirbhísí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rochtain oriúnach ar sheirbhísí ELC ar ardchaighdeán ar fud an Stáit.</li> <li>Cur le deiseanna gairmiúla fhoireann sheirbhísí fhoghlaím agus chúram na luath-óige, agus é mar aidhm go mbeadh céim ábhartha bronnta ar 30% den fhoireann atá ag obair i seirbhísí ELC faoi dheireadh 2021.</li> <li>Meastóireachtaí ar chlár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, ar an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe, ar an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí agus ar Tús Níos Fearr curtha i gcrích, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara san áireamh.</li> </ul>

<p><b>2.4</b> Bainisteoimid an chéim is déanaí de Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe chun 2,900 dídeanaí a thabhairt go hÉirinn agus iad a athlonnú i bpobail ar fud na tíre.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 2,900 dídeanaí tugtha go hÉirinn agus athlonnaithe ar fud na tíre.</li> <li>• Ionaid Fáiltithe agus Tionscnaimh Éigeandála sainitheanta agus monatóireacht déanta ar a soláthar seirbhise leanúnaí.</li> <li>• Socruthe déanta le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhpháirtithe Feidhmithe maidir le hathlonnú rathúil dídeanaithe ina gceantar féin.</li> </ul>
<p><b>2.5</b> Forbróimid agus cuirfimid chun feidhme samhail chóiríochta nua agus tacaíochtaí gaolmhara le haghaidh daoine atá ag tabhairt faoin bpróiseas Cosanta Idirnáisiúnta, atá dírithe ar chur chuige seachbhrabúsach, agus seirbhísí leanúnacha a chur ar fáil do dhaoine mar sin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Páipéar Bán maidir le Soláthar Díreach a ionadú foilsithe.</li> <li>• Céim Idirthréimhseach 2021- 2024 curtha i gcrích agus samhail nua le haghaidh Cóiríocht agus Tacaíocht i bhfeidhm faoi 2024.</li> <li>• Cóiríocht éigeandála díchoimisiúnaithe.</li> <li>• Monatóireacht á déanamh ar chaighdeánin ionaid Fáiltithe Náisiúnta ó Eanáir 2021.</li> <li>• Spriocanna sonraithe ag struchtúir mhaoirseachta comhlíonta.</li> </ul>
<p><b>2.6</b> Tacóimid le Tusla lena thiomantas d'fheabhsuite leanúnacha i soláthar seirbhise agus i bhfeidhmíocht chun torthaí do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh a bharrfheabhsú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Próisis mhaoirseachta, rannpháirtíochta agus feidhmíochta athnuaithe bunaithe.</li> <li>• Cumhdach beartais agus treo beartais iomlán ag tacú le soláthar seirbhise.</li> <li>• Athstruchtúrú eagraíochtúil agus forbairt chomhtháite ar an bhfoireann oibre curtha i gcrích.</li> <li>• Méadracht chomhtháite maidir le soláthar agus feidhmíochta seirbhise bunaithe.</li> </ul>

**2.7** Cinnteoimid go bhfuil freagairtí dea-phleanálte agus le dóthain acmhainní bunaithe ag an Roinn agus ag na comhlachtaí faoina coimirce chun déileáil leis an tionchar atá ag COVID-19 faoi láthair agus leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag COVID-19 amach anseo.

- Cumarsáid shoiléir agus thrédhearcach leis an bhfoireann agus leis na comhlachtaí faoi choimirce maidir leis na bearta a theastaíonn chun freagairt don phaindéim agus chun seirbhísí a chothabháil ar bhealach sábháilte.
- Tuairisciú rialta do Roinn an Taoisigh maidir le freagairt na Roinne agus comhlachtaí faoi choimirce na Roinne don phaindéim, agus aird a tharraingt ar aon ábhar imní nó rioscaí ag cur leibhéal na srianta atá i bhfeidhm san áireamh.
- A chinntíú go dtacaítear le seirbhísí filleadh ar chúrsaí mar a bhí a luaithe agus is féidir i ndiaidh na paindéime.

# Cuspóir Straitéiseach 3

**Cabhróimid le daoine atá leo chaileach, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus daoine aonair atá i mbaol, dúshlán a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach.**

## Cuspóir Straitéiseach 3

**Cabhróimid le daoine atá leochaileach, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus daoine aonair atá i mbaol, dúshláin a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach.**

Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>3.1</b> Déanfaimid tuilleadh forbartha ar chláir agus ar scéimeanna Fhoghlaím agus Chúram na Luath-Óige (ELC) lena chinntíú gur féidir le leanaí agus teaghlaigh a bhfuil seirbhísí ag teastáil uathu go géar na seirbhísí sin a rochtain. Áireofar anseo leanaí atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, leanaí ag a bhfuil riachtanais bhereise agus tuismitheoirí a bhfuil iarracht á déanamh acu a bheith i mbun oibre nó filleadh ar an obair.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rochtain, inacmhainneacht agus caighdeán feabhsaithe ELC do leanaí agus teaghlaigh, lena n-áirítear tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí chun rochtain a leathnú agus bacainní ar rochtain dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu a laghdú.</li> <li>Forbairt na Samhla um Rochtaí agus Cuimsiú (AIM) ionas go mbeidh sé ar fáil lasmuigh de chomhthéacs Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE).</li> <li>Raon beart a bhunú faoin tsamhail mhaoinithe nua lena n-áirítear samhail cosúil le DEIS le haghaidh ELC.</li> <li>Caighdeán feabhsaithe seirbhísí trí Phlean Forbartha don Lucht Saothair a chur chun feidhme.</li> </ul>
<p><b>3.2</b> Treiseoimid cumhdach agus cosaint leanaí trí cheannaireacht ar fud an Rialtais, treoir agus tacaíocht láidir a sholáthar do Tusla agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara eile chun leas agus cosaint leanaí a fheabhsú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacófar agus feabhsófar seirbhísí leasa agus cosanta leanaí trí phróisis ina n-áirítear plé feidhmíochta le Tusla.</li> <li>Leanúint le cur chun feidhme an Acharta um Thús Áite do Leanaí 2015.</li> <li>An Treoir a bhaineann le Tús Áite do Leanaí a choinneáil cothrom le dáta, cuimsitheach agus sofhreagrúil.</li> </ul>

<p><b>3.3</b> Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an gcur chuige beartais agus straitéiseach i ndáil le leanaí atá i gcúram (Cónaithe, Altrama agus Speisialta) agus oibreoirimid le páirtithe leasmhara chun torthaí a fheabhsú agus lena chinntiú go bhfuiltear ag seasamh le cearta leanaí atá i gcúram seirbhísí riachtanacha a rochtain.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beartas chun tacú le leanaí atá i gcúram a fhorbairt agus a chur chun feidhme.</li> <li>• Tacaíochtaí feabhsaithe le haghaidh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí do leanaí atá i gcúram.</li> <li>• Forbairt foirne agus táscairí feabhsaithe maidir le torthaí chun eolas a chur ar fáil le haghaidh ord tosaíochta leanaí, cobhsaíocht socrúcháin agus rannpháirtíochta in oideachas.</li> </ul>
<p><b>3.4</b> Cuirfidim measúnuithe foirmiúla ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcrích chun eolas a bhailiú faoi aon riachtanais speisialta fáiltithe atá ag daoine leochaileacha, leanaí san áireamh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tús curtha le próiseas foirmiúil measúnaithe riachtanas agus le meicníocht athbhreithnithe oiriúnach.</li> <li>• Cúrsaí oiliúna forbartha agus curtha ar fáil d'fhoireann IPAS agus dóibh siúd a bhfuil cóiríochta agus seirbhísí á gcur ar fáil acu do dhaoine i gcóiríochta IPAS.</li> <li>• Conairí atreoraithe do sheirbhísí cuí agus comhaontú déanta maidir le soláthraithe seirbhíse ábhartha Stáit agus neamh-Rialtasacha.</li> </ul>
<p><b>3.5</b> Déanfaimid maoirseacht ar chúram sábháilte agus slán do dhaoine óga atá ciontaithe nó athchurtha ag na Cúirteanna ar bhealach a chomhlíonann a gcuid riachtanas sláinte agus oideachais, a thacaíonn leo éirí as an gciontú, agus a ullmhaíonn iad chun filleadh ar a dteaghlaigh agus ar a bpobail.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Samhail CEHOP (Cúram, Oideachas, Sláinte, Ciontú, agus Ullmhú le scaoileadh abhaile) [Care, Education, Health, Offending, and Preparation for release, CEHOP] curtha chun feidhme ag Baile an Oibríochta agus tacaíocht tabhartha don tsamhail sin laistigh de chreat cearta leanaí.</li> </ul>

**3.6** Leanfaimid ar aghaidh le treoir a thabhairt maidir le nuálaíochtaí i gcosc agus luath-idirghabháil chun torthaí do leanaí, daoine óga, a dteaghlaich agus pobal a bharrfheabhsú.

- Déanfar tuilleadh forbairt ar an tionscnamh Cad a Oibríonn (*What Works*) chun tacú le nuálaíocht sa soláthar seirbhíse do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh.
- Ról ceannaireachta a ghlacadh i ndáil le tionscnaimh cosúil le Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC), Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC), agus forbairt straitéis choimisiúnaithe Tusla chun freagairtí seirbhíse a fheabhsú.
- Tacú le comhdhlúthú agus le lánpháirtíú coisc agus luath-idirghabhála i samhail oibríochtúil de sholáthar seirbhíse Tusla lena chinntiú go bhfuil tacaíochtaí láidre agus saoráideacha ar fáil do sholáthar seirbhíse túslíne.

# Cuspóir Straitéiseach 4

Tacóimid le forbairt sochaí atá forásach, measúil agus cothrom, a chuireann eispéiris na nglúnta atá imithe romhainn san áireamh agus a dhéanann iarracht freagairt do riachtanais marthanóirí.

## Cuspóir Straitéiseach 4

Tacóimid le forbairt sochaí atá forásach, measúil agus cothrom, a chuireann eispéiris na nglúnta atá imithe romhainn san áireamh agus a dhéanann iarracht freagairt do riachtanais marthanóirí.

Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>4.1</b> Tacóimid le freagairt an Stáit do Thuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naónán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean Gníomhaíochta Straitéiseach forbartha agus curtha chun feidhme ar fud an Rialtais.</li> <li>Rannpháirtíocht fheabhsaithe le páirtithe leasmhara bunaithe, go háirithe le marthanóirí agus uchtaithe.</li> <li>Scéim um Aitheantas Aisiríoch bunaithe.</li> <li>Reachtaíocht maidir le hadhlacthaí stairiúla achtaithe.</li> <li>Gníomhaireacht bunaithe chun clár comhaontaithe tochailte agus dí-adhlactha a chur i gcrích i dTuaim.</li> <li>Aonad Bainistíochta Faisnéise bunaithe agus ag feidhmiú de réir GDPR agus oibleagáidí agus tiomantais eile.</li> </ul>
<p><b>4.2</b> Forbróimid beartais agus reachtaíocht chun comhionannas inscne agus comhionannas go ginearálta a chur chun cinn agus chun déileáil le bacáinní a bhfuil bac á chur acu ar dhaoine aonair ó pháirt ionlán a ghlacadh i sochaí na hÉireann.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú déanta ar reachtaíocht comhionannais.</li> <li>Moltaí Thionól na Saoránach maidir le ról na mban curtha chun feidhme de réir mar is cuí.</li> <li>Íocaíochtaí déanta faoi na Scéimeanna Mhaigdiléana.</li> <li>Cuimhneachán oriúnach forbartha do mhná a chaith roinnt ama in institiúidí Mhaigdiléana.</li> </ul>

What really matters for young  
people's wellbeing??

- 1.
- 2.
- 3.
- 4.

# Cuspóir Straitéiseach 5

Oibreoidim i gcomhpháirt  
le daoine aonair, teaghlaigh,  
agus pobail i Ranna Rialtais,  
Comhlachtaí Poiblí agus sa  
tSochaí Shíbhialta chun torthaí  
níos fearr a bhaint amach.

## Cuspóir Straitéiseach 5

Oibreoidim i gcomhpháirt le daoine aonair, teaghlaigh, agus pobail i Ranna Rialtais, Comhlachtaí Poiblí agus sa tSochaí Shíbhialta chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>5.1</b> Beidh ról ceannaireachta againn in iarracht na hÉireann a chinntíú go mbeidh ceart leanaí agus daoine óga a nglór a bheith le cloisteáil i ndáil le cinntí a bhfuil tionchar acu ar a saol aonair agus comhchoiteann a thabhairt chun soiléire trí reachtaíocht, beartas agus seirbhís éifeachtach a sholáthar.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seirbhís rannpháirtíochta náisiúnta feabhsaithe bunaithe, a chuireann comhairliúchán agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga san áireamh, ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.</li> <li>Plean Cúig Blíana um Fhorbairt Straitéiseach le haghaidh Chomhairle na nÓg foilsithe agus curtha chun feidhme.</li> <li>Tionól Aeráide na nÓg bunaithe.</li> <li>Straitéis rannpháirtíochta athnuaithe comhaontaithe agus curtha chun feidhme thar shaolré na Straitéise seo.</li> </ul>
<p><b>5.2</b> Leanfaimid ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Na Chéad 5 agus ag cur le forbairt beartas tras-Rialtais agus glacfaimid le húinéireacht roinnte i ndáil le cur chun feidhme an bheartais.</p> <p>Úsáidfimid ár gcreat cuimsitheach maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle le leanaí, teaghlaigh, soláthraithe agus foireann Fhoghlaím agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile, agus le páirtithe leasmhara eile chun beartas a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn déanta i ndáil leis an bPlean um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 (2019-2021).</li> <li>Athbhreithniú trí bliana ar Na Chéad 5 agus é mar aidhm pleán um chur i bhfeidhm breise a fhorbairt don tréimhse 2022-2025.</li> <li>Rannpháirtíocht chuimsitheach agus lánbhrí le páirtithe leasmhara de réir an chreatá foilsithe agus an táirge foilsithe.</li> <li>Rannpháirtíocht chuimsitheach agus fianaisebhunaithe i ndáil le raon leathan beartas eacnamaíoch agus sóisialta Rialtais.</li> <li>Rannpháirtíocht chuimsitheach agus lánbhrí leis na pártithe leasmhara ar fad ar mhaithle le beartas fianaisebhunaithe a fhorbairt, cuntasacht láidir agus cumarsáid dhéthéreo éifeachtach.</li> </ul>

**5.3** Forbróimid straitéisí comhionannais comharba trí chomhpháirtíocht réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí chomhoibriú tras-Rialtais.

- Cur chun feidhme na nithe seo a leanas:
  - an Straitéis um Imeascadh Iimirceach;
  - Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach;
  - an Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní;
  - an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas;
  - an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas;
  - an Straitéis um Chuimsiú Daoine LADTTI+; trí chomhoibriú réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais.
  - Comhairliúcháin reáchtáilte le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, an tsochaí shibhialta, agus saineolaithe ábhartha i ndáil le beartas straitéiseach a fhorbairt chun teacht i gcomharba ar na straitéisí.
  - Athbhreithniú agus measúnú déanta ar na straitéisí comhionannais atá ann cheana féin.
  - Creactaí straitéiseacha forbartha bunaithe ar rannpháirtíocht réamhghníomhach le príomhpháirtithe leasmhara.

<p><b>5.4</b> Oibreoidim i dteannta le hinstiúidí AE, agus beidh ról ceannaireachta agus comhordaithe againn i bpróiseas tuairiscithe na hÉireann do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le UNCRC a bheith á chur chun feidhme againn, agus freagairt na hÉireann do Bhréithnithe Deiridh an Choiste.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Rannpháirtíocht struchtúrtha ag leibhéal AE maidir le forbairtí a bhaineann le tacaíocht, cosaint agus leas leanaí go háirithe i Straitéis bheartaithe an AE maidir le Cearta an Linbh agus Ráthaíocht i dTaobh Leanaí an AE.</li> <li>• Próiseas tuairiscithe agus gníomhartha gaolmhara UNCRC bunaithe le haghaidh láithreas na hÉireann ag Coiste UNCRC in 2022.</li> <li>• Dul chun cinn déanta i ndáil le béim ar chearta leanaí a phríomhshruthú sa phróiseas déanta beartas trí thús a chur le hiniúchadh cuimsitheach ar reachtaíocht lena chinntiú go bhfuil UNCRC á chomhlíonadh agus breithniú a dhéanamh ar Mheasúnachtaí Tionchair ar Chearta an Linbh a chur san áireamh mar chuid den phróiseas forbartha beartas.</li> <li>• Daingniú an Dara Prótacal Roghnach le haghaidh UNCRC.</li> </ul>
<p><b>5.5</b> Déanfaimid athbhreithniú ar an modh atá againn chun cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara, agus forbróimid agus cuirfimid chun feidhme Straitéis Cumarsáide cuimsitheach chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Roinne a chur i gcrích.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Faisnéis shoiléir, chomhordaithe, inrochtana a chur ar fáil don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara trí raon gníomhaíochtaí cumarsáide trí na meáin thraigisiúnta agus shóisialta, agus monatóireacht ghéar a dhéanamh ar thionchar a leithéid sin de ghníomhaíochtaí.</li> <li>• Aonad Cumarsáide ar leith a bhunú laistigh den Roinn.</li> <li>• Straitéis Chumarsáide cuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.</li> <li>• Ionadaíocht éifeachtach ar Ghrúpaí Comhordúcháin Cumarsáide Rialtais Láir.</li> </ul>

# Cuspóir Straitéiseach 6

Tacóimid le hardchaighdeáin feidhmíochta agus rialachais chorparáidigh i dteannta le foireann atá rannpháirteach, spreagtha agus a bhfuiltear ag tacú léi.

## Cuspóir Straitéiseach 6

Tacóimid le hardchaighdeáin feidhmíochta agus rialachais chorparáidigh i dteannta le foireann atá rannpháirteach, spreagtha agus a bhfuiltear ag tacú léi.

Gníomhartha Straitéiseacha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>6.1</b> Cинтeоимid go mbeidh creat rialachais chorparáidigh láidir agus éifeachtach ag feidhmiú laistigh den Roinn, lena n-áirítear rialachas struchtúrtha agus maoirseacht feidhmíochta, á dtreorú ag foireann bainistíochta sinsearach, comhlacthaí faoi choimirce agus idirghabhálaíthe maoinithe.</p>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Tá léargas le fáil ar dhea-chleachtas i gCreat Rialachais Chorparáidigh na Roinne, comhsheasmhach le Caighdeán Rialachais Chorparáidigh na Státseirbhísé, a ndéantar athbhreithniú air gach bliain.</li><li>• Tá léargas le fáil ar dhea-chleachtas i mBeartas Bainistíochta Riosca na Roinne agus déantar athbhreithniú air gach bliain.</li><li>• Tá socruthe maidir le rialachas agus maoirseacht feidhmíochta bunaithe le haghaidh gach comhlacht faoi choimirce agus idirghabhálaí maoinithe, lena n-áirítear béim ar Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chomhlíonadh agus a chinntíú go bhfuil Socruthe Maoirseachta bunaithe leis an Roinn agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu gach bliain.</li><li>• Tacaíocht curtha ar fáil do bheartas Nochtuithe Cosanta agus é curtha chun feidhme sa Roinn agus sna comhlachtaí faoina coimirce.</li></ul>

<p><b>6.2 Forbróimid Plean Straitéiseach don Lucht Saothair athbhreithnithe lena chintiú go bhfuil na hacmhainní, an t-eolas, na scileanna agus an taithí ag an Roinn chun a cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, cinnteoimid go mbeidh foireann shofhreagrúil agus sholúbtha ar fáil, go mbeimid ag tacú lenár bhfoireann trí thionscnaimh Foghlama agus Forbartha, agus go mbeidh timpeallacht á cruthú ina bhfuil meas agus luach ar obair na foirne.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Eagraíocht atá sásta caidreamh nua a bhunú, acmhainní a threisiú, obair a chur i gcrích in earnálacha éagsúla, agus tairbhe a bhaint as nuálaíocht i seirbhísí poiblí.</li> <li>• Egraíocht a chinntíonn ardchaighdeán an t-am ar fad, agus atá cuntasach as a cuid gníomhartha.</li> <li>• Tá Plean Straitéiseach don Lucht Saothair forbartha agus curtha chun feidhme.</li> <li>• Tá Plean Foghlama agus Forbartha bunaithe agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh air.</li> <li>• Foireann oibre atá sofhreagrúil, solúbtha, spreagtha agus gnóthach.</li> <li>• Timpeallacht oibre atá oscailte agus tacúil arna tomhas trí shuirbhéanna rannpháirtíochta foirne rialta.</li> </ul>
<p><b>6.3 Cinnteoimid go bhfuil socruithe bainistíochta láidre agus éifeachtacha Vóta bunaithe laistigh den Roinn chun cuntas a sholáthar don Rialtas, don Oireachtas agus don phobal maidir leis an gcaiteachas tabhaithe ar fad.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Línte freagrachta soiléire chun caiteachas Vótáilte a cheadú agus a thabhbhú.</li> <li>• Tuairisciú rialta bainistíochta airgeadais don Oifigeach Cuntasáiochta agus don Bhord Bainistíochta maidir le ceisteanna buiséid agus airgeadais, lena n-áirítear aird a tharraingt ar ábhair imní.</li> <li>• Iniúchtaí glana agus neamhcháilithe ar Chuntas Leithreasa na Roinne.</li> <li>• Feidhm iniúchta inmheánaigh láidir bunaithe, agus clár oibre bliantúil gaolmhar.</li> <li>• Tuairisciú rialta don Oifigeach Cuntasáiochta agus don Bhord Bainistíochta maidir le ceisteanna buiséid agus airgeadais.</li> </ul>

<p><b>6.4</b> Cinnteoimid go bhfuil socruithe rialachais oiriúnacha bunaithe do bhuiséad Fhoghlaím agus Chúram na Luath-Óige agus do Chúram Leanaí ar Aois Scoile chun torthaí barrmhaithe a bhaint amach agus luach ar airgead a chinntiú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhaontú Leibhéal Seirbhíse nuashonraithe bunaithe le Pobal.</li> <li>• Socruite Soláthar Feidhmíochta bunaithe le Pobal le haghaidh gach clár oibre lena n-áirítear comhlíontacht.</li> <li>• Comhaontuithe bliantúla nuashonraithe bunaithe le gach eintiteas a bhfuil maioniú á fháil aige ón Rannán Luathbhlianta (e.g. Coistí Contae / Cathrach i gCúram Leanaí agus Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí).</li> <li>• Cuirtear chun feidhme nó cuimsítear torthaí ón Athbhreithniú ar an tSamhail Oibriúcháin mar atá faofa ag an Rialtas i bpleanáil a dhéantar sa todhchaí.</li> </ul>
<p><b>6.5</b> Leanfaimid i mbun córas a sholáthraíonn cóiríocht do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu a bhfuil Caighdeáin Náisiúnta á gcomhlíonadh aige, agus cinnteoimid go bhfuil monatóireacht éifeachtach á déanamh ag an gcóras iniúchtaí ar an gcomhlíontacht sin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Forbrófar córas nua iniúchtaí le haghaidh cóiríocht IPAS.</li> <li>• Tá Caighdeáin Náisiúnta á gcomhlíonadh ag ionaid chóiríochta.</li> </ul>
<p><b>6.6</b> Cinnteoimid go mbeidh cláir mhaoinithe á soláthar de réir cuspóirí agus ceanglas sonraithe.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá cláir mhaoinithe á soláthar de réir gníomhartha agus ceanglas réamh-mheasta.</li> </ul>
<p><b>6.7</b> Cinnteoimid go mbeidh oibleagáidí na Roinne faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide agus aon tionscnaimh eile a bheidh ann amach anseo á gcomhlíonadh. Cuimseofar anseo béim ar chomhlachtaí faoi choimirce.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tuairisciú maidir le hoibleagáidí Athraithe Aeráide i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.</li> </ul>

# Cumasóirí Straitéiseacha

Chun ár gCuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha a sholáthar sa tréimhse 2021-2023, tá roinnt príomhchumasóirí straitéiseacha nach mór don Roinn a bhunú lena chinntíú go bhfuil siad á gcur chun feidhme ar bhonn rathúil.

## Cultúr láidir feidhmíochta

Mar eagraíocht, táimid tiomanta do chinntíú go bhfuilimid ag tacú le agus ag cur timpeallacht oibre atá dírithe ar thorthaí chun cinn, timpeallacht ina nglactar le bainistíocht feidhmíochta mar fhreagracht bhunúsach, agus ina motháíonn an fhoireann go bhfuil meas ar an obair atá á déanamh acu agus ina spreagtar iad chun a ndícheall a dhéanamh. Bíonn bainisteoirí freagrach as cuspóirí a chomhlíonadh trí ghníomhaíochtaí láidre bainistíochta, agus pleanáil agus monatóireacht mhionsonraithe bhliantúil ghnó.

Tá ár n-eagraíocht ag fás, go príomha mar thoradh ar an méadú suntasach atá tagtha ar fhreagrachtaí. Ceanglaíonn sé seo orainn a chinntíú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí chuí againn chun ár bhfís agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé deiseanna chun breis daoine a earcú, tabhairt faoi athoiliúint agus acmhainní a athrú thart, agus béim láidir a leagan ar fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil ár bhfoireann oibre.

Is í an uaillmhian atá againn timpeallacht oibre níos éagsúla, níos ionchuimsithí, níos nuálaí agus níos dearfaí a chinntíú. Le linn dúinn é seo a dhéanamh forbróimid plean oiliúna bliantúil ina dtugtar léargas ar riachtanais fhobharthacha agus tacaíochta na foirne ar fad chun soláthar spriocanna agus chuspóirí na Roinne a fheabhsú.

Chun tacú lenár bhfoireann cinnteoimid chomh maith go mbeidh rochtain ag gach duine ar acmhainní teicneolaíochta faisnéise nua-aimseartha agus éifeachtacha.

De réir mar a fhobraíonn scóip agus scála ár Roinne, ní mór dúinn a chinntíú go bhfuil struchtúr ceart bunaithe againn ionas go mbeimid in ann freastal ar éagsúlacht shainordú agus fhreagrachtaí ár mbeartais. Ní mór dúinn a chinntíú go leagtar béim chothrom agus go dtugtar aird chothrom ar réimsí beartais nua i dteannta leis na freagrachtaí a bhí orainn sular leathnaíodh ár bhfeidhmeanna. Dá réir sin, déanfaimid athbhreithniú ar an struchtúr atá ann cheana féin agus cuirfimid chun feidhme aon athruithe atá riachtanach chun eagraíocht nua, bharainneach agus shofhreagrúil a fhorbairt, a bheidh ionadaíoch ar gach réimse beartais agus a thabharfaidh léargas ar ár sainordú méadaithe.

## Cianobair

Tuigimid an tionchar suntasach a bhí ag COVID-19 ar na seirbhísí atá á soláthar againn agus ar an mbealach a oibrímid mar eagraíocht. Cé go raibh tionchair dhiúltacha shuntasacha ag COVID-19 ar raon leathan seirbhísí agus clár, léirigh sé dúinn freisin conas a spreagann nuálaíocht agus deireadh a bheith ag teacht go tapa le conairí traidisiúnta cinnteoireachta, smaointe nua go tapa.

Is dea-shampla nuálaíocha mar fhreagairt do ghéarchéim é obair na Roinne ar fad a bheith á déanamh ó chiananois. Leanfaimid ar aghaidh ag cruthú timpeallacht thacúil don fhoireann atá ag obair ó chian agus dóibh siúd atá ag obair inár n-oifigí, agus cuirfimid san áireamh na dúshláin agus na deiseanna a chruthaíonn sé seo do reáchtáil ghnó na Roinne. Leagfar béim shuntasach ar a chinntíú go bhfuil an fhoireann ag obair i dtimpeallacht shábháilte an t-am ar fad agus go bhfuil tacaíocht chuí ar fáil ó bhainisteoirí líne. Chomh maith leis sin, cruthóidh sé deiseanna agus éifeachtúlachtaí i ndáil le riachtanais le haghaidh spás oifige agus réitigh agus tacaíochtaí TF níos tapa le haghaidh gníomhaíochtaí gnó.

## Aistriú feidhmeanna

Cruthaíonn aistriú feidhmeanna chuig an Roinn ón Roinn Dlí agus Cirt oibleagáidí suntasacha breise airgeadais agus cuntasachta rialachais. Cuireann sé dualgas ar an Roinn a creat agus struchtúr rialachais chorparáidigh a athbhreithniú agus a threisiú. Éillíonn sé seo béim ar leith a leagan thar shaolré na Straitéise seo ar a chinntíú go bhfuil comhtháthú saoráideach na bhfeidhmeanna, agus na foirne a aistríodh chuig an Roinn ag tarlú. Chomh maith leis sin, beidh impleachtaí suntasacha breise ag aistriú beartaithe seirbhísí míchumais ón Roinn Sláinte in 2021 ar an Roinn, agus nuair a bheidh feidhm leo, beidh siad mar bhonn le Vóta reatha na Roinne a dhúbailt.

## Reachtaíocht

Tá méadú suntasach tagtha ar chlár oibre reachtach na Roinne mar thoradh ar a téarmaí tagartha méadaithe. Le cois líon mór Billí, ar tosaíochtaí Rialtais cuid acu, baineann dhá thionscadal shuntasacha agus chasta le haistriú feidhmeanna. Tá reachtaíocht phríomha á forbairt ag an Roinn chun an tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a leasú lena chinntíú go bhfuil údarás ag an Aire Oideachais i ndáil le rialachas agus maoirseacht na bhfeidhmeanna leasa oideachais, atá á gcur i gcrích ag Tusla. Ina theannta sin, ceanglóidh aistriú seirbhísí míchumais reachtaíocht phríomha. Cé go nglacfaidh comhghleacaithe sa Roinn Sláinte ról ceannaireachta i ndáil leis an tionscadal sin, beidh gá le dlúthchomhar agus comhoibriú idir an dá Roinn.

## Réamhaisnéisiú airgeadais agus oibríochtúil, pleanáil chaipítíl

Tá sé riachtanach béal leantach a leagan ar phleanáil fhadtréimhseach lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní againn chun ár bhfís a chomhlíonadh agus cuspóirí agus tiomantais an Rialtais a chomhlíonadh. Ní mór dúinn a bheith airdeallach ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch ina bhfuilimí ag obair agus ag an am céanna cásanna gnó láidre a sholáthar, más gá, chun maoiniú leanúnach nó breise a aimsiú. Chomh maith leis sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta láidre airgeadais agus soláthair bunaithe ar fud na heagraíochta, agus go bhfuil cuntas iomlán agus tréadhearach á dhéanamh againn ar an gcaiteachas tabhaithe ar fad.

## Comhoibriú & Beartas Fianaisebhunaithe

Príomhghhné dár gcuid oibre é comhoibriú. Mar is léir ón lín Straitéisí náisiúnta atá á stiúradh againn nó a bhfuilimí ag cur leo, áirítear anseo a bheith ag comhoibriú le Ranna agus gníomhaireachtaí Stáit eile, agus éagsúlacht mhór eagraíochtaí seachbhrabúsacha agus brabúsacha. D'fhonn aitheantas a thabhairt dó seo, ní mór dúinn gréasáin, iontaoibh agus caidreamh láidir oibre a bhunú le páirtithe leasmhara éagsúla trí úsáid a bhaint as sásraí oriúnacha éagsúla.

Cinnteoimid go bhfuil ár mbeartais bunaithe ar an bhfianaise agus ar an taighde is fearr atá ar fáil. Áireofar anseo clár meastóireachta beartais agus seirbhíse, rochtain fheabhsaithe ar agus úsáid fheabhsaithe sonrai, agus breis acmhainne le haghaidh rannpháirtíocht straitéiseach le taighde agus le fianaise go ginearálta.

## Comhionannas agus Cearta an Duine

Neadóimid cur chuige atá bunaithe ar chomhionannas agus ar chearta an duine inár mbeartais agus cleachtais mar atá sonraithe sa roinn ar chur chun feidhme ár ndualgas earnála poiblí.

Chomh maith leis sin, tuigimid go mbíonn ár bhfoireann ag déileáil go díreach le daoine a d'fhulaing mar gheall ar thráma, idirdhealú, ciníochas, míbhuntáiste agus drochíde institiúideach agus cineálacha eile drochíde.

Soláthróimid oiliúint agus tacaíocht oriúnach chun cur ar chumas na foirne idirghníomhú leis na daoine a mbímid ag déileáil leo, trí bheith báuil agus tuisceanach, agus chomh maith leis sin, cinnteoimid go mbeidh na cosaintí cuí ar fáil chun ár bhfolláine féin a chinntiú.

## Bainistíocht Faisnéise

Tá cuntasacht, tréadhearcacht agus comhroinnt faisnéise ríthábhachtach ionas gur féidir linn freastal ar an bpobal mar is ceart. Leanfaimid ar aghaidh ag cur lenár n-acmhainn agus lenár saineolas i ndáil le bainistíocht taifead agus cosaint sonraí, agus ar an tslí sin, tacóimid le rialachas láidir, oscailteach agus comhroinnt faisnéise, cleachtais oibre éifeachtacha, agus comhlíontacht le hoibleagáidí dlí a bhaineann le Saoráil Faisnéise, larratais Duine ar a S(h)onraí faoi Chosaint Sonraí agus cartlannú thaifid an Stáit.

## Bainistíocht Riosca

Mar Roinn, tuigimid go mbeidh leibhéal riosca ag baint leis an méid atá á dhéanamh againn i gcónaí. Tá creat beartais chuimsithigh bainistíochta riosca bunaithe againn sa Roinn trí chéile. Tá maoirseacht á déanamh ag Coiste Riosca ar riosca, faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta. Áirítear anseo clár mionsonraithe de rioscaí corparáideacha agus rioscaí ag leibhéal aonaid. Tá raon beart bunaithe againn a bhfuil sé mar aidhm leo an seans go dtarlóidh gach riosca a laghdú ach tuigimid go bhféadfadh rud éigin tarlú mar thoradh ar fhachtóirí atá nó nach bhfuil á rialú go díreach againn. Cé go bhfuilimid ullmhaithe chun rioscaí rialaithe a thógáil chun tairbhe a bhaint as deiseanna nua agus chun bealaí nuálacha a aimsiú chun ár gcuspóirí a fhorbairt, ní bheidh aon ghlacadh againn le rioscaí a sháraíonn ár nósanna imeachta oibríochtúla nó ár gceanglais rialála.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus gach duine a bhfuil tionchar ag a mbeartais agus ag a bpleann orthu a chosaint. Is oibleagáid dhlíthiúil é sin, ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, a tionscnaíodh in Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Is iad comhionannas agus cearta an duine bunchlocha an cheaptha beartais agus an tsoláthair seirbhíse laistigh den Roinn. Ar aon dul le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, geallann an Roinn, mar chuid den Ráiteas Straitéise seo, measúnú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus le comhionannas, plean a bhunú chun déileáil leis na ceisteanna ar tarraingíodh aird orthu sa mheasúnú, agus tuairisciú go bliantúil maidir le forbairtí agus gnóthachtáil.

Tá measúnú iomlán déanta ag an Roinn ar cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannais atá ábhartha dár bhfeidhmeanna, ar fáil [anseo](#) (Ár leithscéal nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil). Déanfar tuairisciú breise ar an gceist seo mar chuid de na socrutithe do Thuarascáil Bhliantúil na Roinne.

# Aguisín 1:

## An Sceideal Reachtaíochta

Beidh clár cuimsitheach reachtaíochta ag tacú le soláthar na straitéise agus beidh sé ag teacht le Clár an Rialtais. Áireofar anseo:

- Reachtaíocht phríomha le haghaidh faisinéis agus rianú breithe agus luathshaoil.
- Reachtaíocht phríomha le haghaidh adhlacthaí institiúideacha.
- An Bille um Shaoire agus Sochar Tuismitheora (Leasú), a áirítear ann leasú ar an reachtaíocht a bhaineann le saoire uchtaíoch.
- An Bille um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, agus na rialacháin ghaolmhara.
- Reachtaíocht phríomha chun na cumhactaí riachtanacha a thabhairt don Aire Oideachais le haghaidh rialachas agus mhaoirseacht fheidhmeanna leasa oideachais Tusla, a aistríodh chuig an Roinn Oideachais in 2021.
- Reachtaíocht phríomha chun feidhmeanna Míchumais a aistriú ón Roinn Sláinte chuig DCEDIY – agus beidh ról ceannaireachta ag an Roinn Sláinte.
- Bille um Chúram Leanaí (Leasú) chun foráil a dhéanamh le haghaidh athchóiriú sheirbhís an Chaomhnóra *ad litem* in imeachtaí cúraim leanaí.
- An Bille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha) agus an Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú).
- Reachtaíocht chun Acht um Chúram Leanaí 1991 a athchóiriú agus a nuachóiriú.
- Reachtaíocht phríomha chun foráil a dhéanamh le haghaidh loghtha i ndáil le horduithe coinneála leanaí.
- Athbhreithniú ar reachtaíocht comhionannais agus ar achtú leasuithe ar an reachtaíocht comhionannais atá sonraithe i gClár an Rialtais.
- Trasuíomh na Treorach maidir le Cothromáiocht Oibre is Saoil (AE) 2019/1158.
- Athbhreithniú ar na hAchtanna Uchtála.
- Reachtaíocht chun foráil a dhéanamh le haghaidh saoire do dhaoine atá ag déileáil le foréigean teaghlaigh.


## Aguisín 2: Straitéisí agus Scéimeanna á dtreorú ag DCEDIY



### Plean Gníomhaíochta do Chúram Leanaí ar Aois Scoile

Tá an **Plean Gníomhaíochta do Chúram Leanaí ar Aois Scoile** á fhorbairt i gcomhpháirt le agus á bhreithniú i dteannta leis an Roinn Oideachais. Ag cur riachtanas uathúil leanaí ar aois scoile san áireamh, sonraítear sa Phlean Gníomhaíochta seo an t-infraestructúr atá riachtanach chun cabhrú le cúram leanaí ar aois scoile atá inrochtana, ar ardchaighdeán agus inacmhainne a sholáthar do gach leanbh in Éirinn.

Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta seo cúram foirmiúil nó ionadbhunaithe agus cúram neamhfhoirmiúil/feighlithe leanaí. Déileáiltear le trí phríomhthéama; rochtain, caighdeán agus inacmhainneacht. Déantar iarracht sa Phlean Gníomhaíochta seo riachtanais láithreacha nó bhunúsacha a shainaithint i réimse an chúram leanaí ar aois scoile, agus déileáil leis na riachtanais seo i rith amfráma réasúnta gearr.



### Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile

Sonraítear in **Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile** clár oibre agus tosaíochtaí an Rialtais i ndáil le leanaí agus daoine óga atá faoi 25 bliain d'aois sa tréimhse seacht mbliana go dtí 2020. Cuirfear tús leis an obair a bhaineann le forbairt straitéis chomharba in 2021.

Is é an aidhm atá ann léargas a thabhairt ar iarracht uile-Rialtais chun torthaí do leanaí agus do dhaoine óga a fheabhsú, agus an fhreagracht chomhroinnte a bhaineann leis na torthaí seo a bhaint amach a aithint mar aon leis an tábhacht a bhaineann lena leithéid a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Beidh an obair seo fréamhaithe i dtiomantais an Stáit faoi Choibhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.



## Na Chéad 5

Is straitéis uile-Rialtais é **Na Chéad 5** a bhfuil sé mar aidhm léi saol naónán, leanaí óga agus a dteaghach a fheabhsú. Is plean deich mbliana é a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntíú go mbeidh luath-éispéiris dhearfacha ag gach leanbh agus go gcuireann gach leanbh tús maith leis an saol.

Úsáidtear fianaise i Straitéis *Na Chéad 5* chun spriocanna, cuspóirí agus na gníomhartha sonracha a theastaíonn as ar fud an Rialtais chun tacú le leanaí agus lena dteaghlaigh i rith bhlianta tosaigh a saoil a shainaithint. In *Na Chéad 5* tugtar gealltanais maidir le tionscnaimh shuntasacha a bhaineann le saoire teaghlaigh, seirbhísí sláinte do leanaí, tacaíochtaí do thuismitheoirí, pobail atá oiriúnach do leanaí agus seirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige i measc raon leathan gníomhaíochtaí. Tá sé beartaithe ag an Straitéis luath-óige a fheabhsú go suntasach agus cur ar bhealach suntasach le saol leanaí óga, a sochaí agus an gheilleagair sa ghearrthréimhse, sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse.



## Ag Fás Aníos in Éirinn

Is staidéar ar leanaí atá á mhaoiniú ag an Rialtas é **Ag Fás Aníos in Éirinn** a bhfuil an ESRI agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag obair air. Tá an obair á bainistiú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Cuireadh tús leis an staidéar in 2006 agus súil á coinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag dhá ghrúpa leanaí: 8,000 leanbh 9 mbliana d'aois (Cohort Leanaí/ Cohort '98) agus 10,000 leanbh 9 mí d'aois (Cohort Naónán/ Cohort '08). Tá baill an Chohóirt Leanaí thart ar 22 bliain d'aois anois agus tá baill an Chohóirt Naónán thart ar 12 bliain d'aois.



## Straitéis Náisiúnta Óige LADTI+ 2018-2020

Glactar le cur chuige tras-Rialtais sa **Straitéis Náisiúnta Óige LADTI+** i ndáil le bearta breise a bhunú chun saol daoine óga LADTI+ a fheabhsú, agus déileáil le cuid de na príomhhdhúshláin a d'fhéadfadh a bheith le sárú acu mar chuid dá saol laethúil.

Cuirfidh a Straitéis chomharba le tiomantais níos ginearálta an Rialtais leanúint le hiarracht a dhéanamh daoine LADTI+ a chuimsiú i sochaí na hÉireann agus Éire atá níos ionchuimsithí a fhorbairt do dhaoine óga LADTI+.



## Straitéis um Imeascadh Imirceach

Tá sé mar aidhm leis an **Straitéis um Imeascadh Imirceach** cur ar chumas imirceach nó daoine de bhunadh imircigh páirt a ghlacadh ar bhonn comhionann le daoine de bhunadh oidhreacht na hÉireann. Is é príomhchuspóir na straitéise a chinntiú go sainaithnítear agus go ndéileáiltear le bacáinní ar rannpháirtíocht iomlán imirceach nó a gcuid leanaí a rugadh in Éirinn i sochaí na hÉireann.

Tá an Straitéis dírithe ar shochaí a chruthú atá in ann tacú le lánpháirtíocht ar leibhéal grúpa agus aonair. Is í an fhís fhadtéarmach atá ann go mbeidh sochaí ann ina bhfuil ról gníomhach ag daoine de bhunadh imircigh i bpobail, in áiteanna oibre agus i gcúrsaí polaitíochta. Glactar leis gurb iad na treoirphrionsabail d'Éirinn todhchaí ina mbeidh dlúthpháirtíocht le sonrú agus ina mbeidh aitheantas comhroinnte ag imiricigh mar bhaill de shochaí na hÉireann.




## Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí

Is é An Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí an chéad teidlíocht reachtúil riamh chun tacaíocht airgeadais a fháil le haghaidh cúram leanaí in Éirinn. Tá córas cothrom agus forásach d'fhóirdheontais uilíocha agus ioncam-ghaolmhara bunaithe ag an Scéim le haghaidh leanaí suas go dtí 15 bliain d'aois. Chomh maith leis sin, tá próiseas iarratais nuálach agus éasca le húsáid á sholáthar chun na fóirdheontais seo a rochtain.

Trí na nithe thuasluaite ar fad, tá sé mar aidhm leis an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí torthaí do leanaí a fheabhsú, tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil, a chinntíú go bhfuil luach saothair le baint as an obair, bochtaineacht leanaí a laghdú agus an costas a bhaineann le cúram leanaí ar ardchaighdeán a laghdú go suntasach do na mílte teaghlaigh ar fud na hÉireann.

Soláthraíonn an Scéim ardán solúbtha, dírithe ar an todhchaí agus inbhuanaithe chun infheistíocht a dhéanamh i bhFoghlaím agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile. Is ionann é agus gealltanás do leanaí, agus infheistíocht i dteaghlaigh.



## An Straitéis Náisiúnta Ionchuimsitheach Míchumais 2017-2021

Glahtar le cur chuige uile-Rialtas sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsíú Daoine faoi Mhíchumas maidir le saol daoine faoi mhíchumas a fheabhsú ar bhealach praiticiúil, agus chomh maith leis sin, trí na deiseanna is fearr agus is féidir a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas barr a gcumais a bhaint amach.

I ndiaidh tabhairt faoi chomhairliúchán cuimsitheach, sainaithníodh agus comhaontaíodh ar ghníomhartha agus ar amscálaí sonracha. Cuimsítear na hocht dtéama seo a leanas sa Straitéis: comhionannas agus rogha; beartais agus seirbhísí poiblí comhleanúnacha; oideachas; fostáiocht; sláinte agus folláine; seirbhísí míchumais duine-lárnochá; maireachtáil sa Phobal; agus iompar agus rochtain ar áiteanna.



## Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ 2019 - 2021

Soláthraítear sa **Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+** creat straitéiseach chun nithe a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhaoine LADTI+ tairbhe a bhaint as comhionannas iomlán i sochaí na hÉireann a shainaithint agus déileáil leis na nithe sin. Glactar le cur chuige uile-Rialtais sa Straitéis, agus tá sé ag teacht lena bhfuil sonraithe i straitéisí náisiúnta eile ionas go mbeidh obair á déanamh chun díriú ar idirdhealú trasnaithe a bhfuil daoine LADTI+ in Éirinn ag déileáil leis.

Tá gníomh ginearálta maidir le promhadh LADTI+ a chur chun cinn i soláthar seirbhíse mar bhonn leis an Straitéis. Tá gníomhartha atá bunaithe ar thaighde, bailiú agus anailís sonraí ag cur leis seo a bhfuil sé mar aidhm leo cur leis an mbonn fianaise chun cumas soláthraithe seirbhísí poiblí freastal ar riachtanais úsáideoirí seirbhísí LADTI+ a fheabhsú.



## An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní 2017-2020

Sonraítear sa **An Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní 2017-2020** tacar gníomhartha a bhfuil sé mar aidhm leo comhionannas na mban a chur chun cinn san áit oibre, i gcúrsaí spóirt agus polaitíochta, agus sna healaíona. Táthar ag díriú ar ilghnéitheacht i measc na mban, saibhir agus bocht, sean agus óg, ó gach pobal, tuaithe agus uirbeach.

Aithnítear sa Straitéis go gcaithfear deis chothrom a thabhairt do mhná ag an mbord cruinnithe ionas gur féidir leo tionchar a imirt ar na cinntí a mbeidh tionchar acu ar a saol féin. Dá thoradh sin, tá béim á leagan ar thacú le ceannaireacht na mban i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí gnó agus spóirt, agus sna healaíona agus i bpobail áitiúla. Is é an aidhm atá ann go mbeifear ag caitheamh le mná mar shaoránaigh chomhionanna agus ghníomhacha i sochaí na hÉireann. Cuirfear túis leis an obair a bhaineann le forbairt straitéis chomharba in 2021.



## Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020

Tá sé mar aidhm leis an gcéad **Straitéis um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht** a chinntí go mbeidh glór leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinntí a bhaineann lena saol laethúil mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa sna cúig réimse náisiúnta torthaí. Cuirfear túis leis an obair a bhaineann le forbairt straitéis chomharba in 2021.

Tá an Straitéis seo thíos go príomha ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi 18 bliana d'aois, ach chomh maith leis sin, tá glór daoine óga atá ar thairseach na haosachta agus suas go dtí 24 bliain d'aois á chur san áireamh.

Tá an Straitéis treoraithe agus faoi thionchar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Chairt um Chearta Bunúsacha an AE.



## Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021

Áirítear daoine de phobal an Lucht Siúil agus na Romach i measc na ndaoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe in Éirinn. Is tionscnamh tras-Rialtais é an **Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach** a bhfuil sé mar aidhm leis saol daoine de phobal an Lucht Siúil agus na Romach in Éirinn a fheabhsú. Tá 10 gcuspóir ardleibhéal sonraithe sa Straitéis: Féiniúlacht Chultúrtha; Oideachas; Fostaíocht agus Geilleagar an Lucht Siúil; Leanaí agus Daoine Óga; Sláinte; Comhionannas Inscne; Frith-Idirdhealú agus Comhionannas; Cóiriocht; An Lucht Siúil agus an Pobal Romach; agus an tSeirbhís Phoiblí.



## An Straitéis Náisiúnta don Aos Óg

Is é an aidhm atá leis an **Straitéis Náisiúnta don Aos Óg** cur ar chumas gach duine óg barr a gcumais a bhaint amach, trína gcearta a urramú agus éisteacht lena nglór, agus iad a chosaint agus tacú leo le linn dóibh aistriú ó aois na hóige go blianta na haosachta.

Agus obair á déanamh chun freagairt do riachtanais agus uaillmhianta ilghnéitheacha na ndaoine óga seo, agus de réir na físe le haghaidh Éire níos fearr atá sonraithe in *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, thíos sa *Straitéis Náisiúnta don Aos Óg* ar chur leis an obair atá á déanamh ag beartais, cláir agus seirbhísí reatha agus nua ar mhaithleis na torthaí náisiúnta do dhaoine idir 10-24 bliain d'aois a fheabhsú. Cuirfear túis leis an obair a bhaineann le forbairt straitéis chomharba in 2021.



## Ár nGuthanna Ár Scoileanna

Tá sé mar aidhm le **Ár nGuthanna Ár Scoileanna** (*Our Voices Our Schools*) chinntíú go bhfuil glór daoine óga le cloisteáil i gcinntí a bhaineann lena saol aonair agus mar ghrúpa sa scoil. Is acmhainn é atá dírithe ar chur chuige bunaithe ar chearta i ndáil le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht, cur chuige a bhfuil Samhail Rannpháirtíochta Lundy mar bhonn leis.

## Shared Vision, Next Steps **2019-24**



### Fís Chomhroinnte, Na Chéad Chéimeanna Eile 2019 – 2024

Soláthraítear in **Fís Chomhroinnte, Na Chéad Chéimeanna Eile 2019–2024** treochlár achomair le haghaidh forbairt bhrefise thionscnamh Choistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC).

Is é cuspóir an tionscnamh breithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus na gníomhartha nach mór déileáil leo agus iad a fhorbairt láithreach a shainainthint. Cabhróidh sé seo le CYPSC tuilleadh forbairt a dhéanamh ar bhealach straitéiseach, comhtháite agus inbhuanaithe chun tacú le comhordú agus pleanáil seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha do leanaí agus do dhaoine óga.



### UBU D'Áit Do Spás

Soláthraíonn **UBU D'Áit Do Spás** tacaíochtaí lasmuigh den scoil do dhaoine óga. Tairgeann na tacaíochtaí seo raon leathan gníomhaíochtaí ar ard-chaighdeánn, atá pobal-bhuanaithe den chuid is mó.

Tríd an áit agus an spás seo a sholáthar, tá sé mar aidhm ag UBU cabhrú le gach duine óg barr a gcumais a bhaint amach.

Chabhraigh **UBU D'Áit Do Spás** linn dul chun cinn a dhéanamh chomh fada is a bhaineann le seirbhísí áitiúla atá ar ardchaighdeán, solúbtha agus sofhreagrúil a chur ar fáil in Éirinn.



## Cad a Oibríonn

Is tionscnamh é **Cad a Oibríonn** (*What Works*), atá á mhaoliniú faoi Chuntais Dhíomhaoine, a bhfuil sé mar aidhm leis tionchar coisc agus luath-idirghabhála a uasmhéadú chun torthaí le haghaidh leanáí agus daoine óga atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú. Ag croílár an tionscnaimh seo tá an uaillmhian fiosracht leanúnach a chothú i measc daoine atá ag obair ar mhaithe le saol leanáí agus daoine óga a fheabhsú.

Tá ceithre phríomhshhnáithe sainaitheanta chun cosc agus luath-idirghabháil a neadú agus a fheabhsú i mbeartas, soláthar seirbhíse agus cleachtas daoine óga. Seo a leanas na príomhshhnáitheanna - sonraí, fianaise, caighdeán, agus forbairt ghairmiúil agus forbairt acmhainne.

**Comprehensive  
Employment  
Strategy for  
People with  
Disabilities**

2015-2024

## Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Sonraítear sa **Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** tacar gníomhartha, atá le cur chun feidhme thar thréimhse deich mbliana, lena chinntíú gur féidir le daoine faoi mhíchumas ar mian leo a bheith ag obair, post a aimsiú agus lena chinntíú go dtacaítear leo agus go gcuirtear ar a gcumas a leithéid a dhéanamh.

Glahtar le cur chuige tras-Rialtais sa Straitéis seo, agus tugtar Ranna agus gníomhaireseachtaí le chéile chun déileáil leis na bacainní agus leis na dúshláin a bhfuil tionchar acu ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumas.

Clúdaítear sé réimse tosaíochta sa Straitéis: forbairt scileanna, acmhainn agus neamhspleáchas; droichid agus tacaíochtaí oibre a sholáthar; luach saothair a thuilleamh as obair; coimeád poist agus athiontráil chun oibre a chur chun cinn; tacaíocht chomhordaithe agus shaoráideach a sholáthar; agus rannpháirtíochta le fostóirí.

## Aguisín 3: Ag Obair le Ranna Rialtais eile

Príomhghná dár gcuid oibre é comhoibriú. Mar is léir ón lón Straitéisí náisiúnta atá á stiúradh againn nó a bhfuilimid ag cur leo, áirítear anseo comhoibriú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit eile chun dlús a chur le cuspóirí straitéiseacha agus le réimsí beartais ginearálta. Seo thíos roinnt samplaí de réimsí den sórt sin:

### Roinn an Taoisigh

- Cumarsáid Rialtais a shruthlíníú chun faisnéis a roinnt ar bhealach áisiúil, éifeachtach.

### An Roinn Oideachais

- Comhoibriú i ndáil leis an Straitéis Oideachais agus Forbairt Curaclaim, agus an Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear.
- Rannpháirtíocht leanúnach i nGrúpa Comhairleach um Oideachas sa Luath-Óige, i nGrúpa Ailínithe na nOibríochtaí agus na gCóras, agus ar an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí.
- Leanúint leis an obair ar an gclár Erasmus i dteannta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- Obair a dhéanamh chun ullmhú le haghaidh aistriú feidhmeanna a bhaineann le leas oideachais chuig DCEDIY.
- Fianaise agus eispéireas cuí maidir leis an bhfreagairt do COVID-19 a roinnt.

### An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

- Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Idir-rannach maidir le Poist sa Todhchaí in Éirinn (Future Jobs Ireland).
- Comhoibriú ar an Straitéis maidir le Cianobair agus ar an Straitéis Náisiúnta maidir le hIntleacht Shaorga.

### An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

- Comhoibriú leis an nGrúpa Idir-rannach maidir le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe.
- Tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

## An Roinn Gnóthaí Eachtracha

- Leanúint leis an gcomhoibriú maidir le ceisteanna AE a bhaineann le ceartas don aos óg.
- Dlús a chur le socruithe iar-Brexit.
- Tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil.

## An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

- Leanúint leis an obair ar an gclár Erasmus.

## An Roinn Sláinte

- Bearta modheolaíocha agus feabhas cáilíochta a fhorbairt i gcomhpháirt le HIQA.
- Rannpháirtíocht i nGrúpaí Comhairleacha um Fhorbairt Caighdeán le haghaidh na gCaighdeán Uileghabhálach beartaithe le haghaidh Seirbhísí Sóisialta Leanaí agus na Caighdeáin Náisiúnta beartaithe le haghaidh Seirbhísí Sláinte agus Cúram Shóisialta.
- Rannpháirtíocht leanúnach i nGrúpa Stiúrtha Éire na Sláinte, Grúpa Stiúrtha Tiomnaithe d'Fhoireann Oibre Sláinte Leanaí, Grúpa Maoirseachta um Beartas agus Cur Chun Feidhme maidir le hOtracht agus Foghrúpa na dTreoirlínte maidir le Bia Sláintíuil.
- Obair a dhéanamh chun ullmhú le haghaidh aistriú feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí míchumais chuig DCEDIY.
- Fianaise agus eispéireas cuí maidir leis an bhfreagairt do COVID-19 a roinnt.

## An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

- Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Idir-rannach maidir le Méara arna Thoghadh go Díreach.

## An Roinn Dlí agus Cirt

- Leanúint leis an obair chun córas na gCúirteanna Teaghlaigh a athchóiriú.
- Tacú le cur chun feidhme na Straitéise um Cheartas i leith an Aosa Óig, agus na Straiteise Náisiúnta maidir le Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
- Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Idir-rannach maidir le forbairt seirbhísí do leanaí a bhuil taithí acu ar dhrochúsáid ghnéasach agus a dteaghlaigh.

- Comhoibriú le Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe, Clár Athlonnaithe na hÉireann do Dhídeanaithe, agus athlonnú mionaoiseach neamhthionlactha.
- Comhoibriú leis an bpróiseas athchóirithe do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu tríd an bPáipéar Bán ar Chóiríocht Cosanta Idirnáisiúnta agus Bord Cláir na Roinne Dlí agus Cirt maidir le próiseáil athchóirithe.

### An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

- Tacú le cur chun feidhme an Chláir um Shíocháin, agus Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí.
- Athchóirithe ábhartha a chur chun feidhme a bhaineann le cláir athchóirithe na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí laistigh de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020.
- Dlús a chur le gníomhartha atá sonraithe sa Snáithe *Tógáil le Roinnt* de Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí.

### An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

- Páirt a ghlacadh i nGrúpa Stiúrtha An Ceart chun Léamh (*Right to Read*).
- Tacú le cur chun feidhme Straitéis na hOibre Deonaí agus Straitéis na Tuaithe.
- Comhoibriú i ndáil le rialachas, agus seirbhísí arna soláthar ag Pobal.

### An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Leanúint le rannpháirtíocht i gCoiste Stiúrtha Cur Chun Feidhme Athbhreithnithe an Tuismitheora Aonair.
- Cur le hobair Ghrúpa Stiúrtha an Treochláir le haghaidh lonchuimsiú Sóisialta.
- Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Idir-rannach maidir le Conairí chun Oibre.
- Comhoibriú i ndáil le luathfhoghlaim agus cúram leanaí agus an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

### An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán

- Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Idir-rannach maidir le Forbairt Oileáin.



# Aguisín 4:

## Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus Coimisiún Gaolmhar

### Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh



An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlaigh  
Child and Family Agency

Foирgneamh Brunel  
An Ceantar Theas, Bóthar Eoin Thiar, Cill Mhaighneann,  
Baile Átha Cliath 8

[tusla.ie](http://tusla.ie)



Coimisiún na hÉireann um Chearta  
an Duine agus Comhionannas  
Irish Human Rights and Equality Commission

### Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas<sup>1</sup>

16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7

[ihrec.ie](http://ihrec.ie)



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN  
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

### Údarás Uchtála na hÉireann

Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4

[aai.gov.ie](http://aai.gov.ie)



ombudsman  
do leanaí  
for children

### Oifig an Ombudsman do Leanaí<sup>2</sup>

Teach na Mílaoise  
52-56 Sráid na Trá Mhór, Baile Átha Cliath 1

[oco.ie](http://oco.ie)

1 Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna agus tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

2 Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna agus tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas faoin Acht fá Ombudsman do Leanaí, 2002.



Údarás Náisiúnta Michumais  
National Disability Authority

## An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4

[nda.ie](http://nda.ie)



## Gaisce - Gradam an Uachtaráin

Teach Ráth an tSratha, An Bóthar Thuaidh,  
Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8

[gaisce.ie](http://gaisce.ie)



## Campus Coinneála Leanaí Bhaile an Oibrigh

Baile an Oibrigh, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath

[oberstown.com](http://oberstown.com)

## Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naónán (& Nithe Gaolmhara Áirithe)\*

73 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

[mbhcoi.ie](http://mbhcoi.ie)

\*Scoirfear de na hoibríochtaí ar an 28 Feabhra

## Aguisín 5: Naisc Chorparáideacha

- [Cosaint Sonraí](#)
- [Comhlachtaí faoi Choimirce](#)
- [Seirbhís do Chustaiméirí](#)
- [An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015](#)
- [Saoráil Faisnéise](#)
- [Creat Rialachais](#)
- [An Próiseas Cinnteoireachta le haghaidh Mórthograí Beartais](#)
- [Tuarascálacha Bliantúla](#)
- [Ceapacháin ar Bhord Stáit](#)
- [Faisnéis Airgeadais](#)
- [Miontuairiscí Chruinnithe Bhord Bainistíochta DCEDÍY](#)
- [Feidhmeanna agus Seirbhísí Curtha ar Fáil](#)
- [Taighde: Réamheolas maidir le hobair an Ionaid Taighde & Meastóireachta](#)
- [Struchtúr Eagraíochtúil](#)
- [Creat Tascanna](#)

